An Coimisiún Eorpach

STAID AN AONTAIS 2018

# Ceannasacht na hEorpa

## Cén tuiscint a bhaineann an tUachtarán Juncker aisti?

#SOTEU

12 Meán Fómhair 2018

*"Agus an staid gheopholaitiúil mar atá, is í seo uain na hEorpa: is í seo uain na ceannasachta Eorpaí. Is mithid don Eoraip an stiúir a ghlacadh ar a cinniúint féin (...)(...) Is é an seanfhocal "Ar scáth a chéile a mhairimid" an bhunbhrí atá le bheith páirteach san Aontas Eorpach (...) An cheannasacht a chomhroinnt – nuair is gá agus áit a bhfuil gá – is ar an gcaoi sin a neartaíonn na náisiúnstáit"*



Jean-Claude Juncker, an tAitheasc ar Staid an Aontais, an 12 Meán Fómhair 2018

## Ceannasacht na hEorpa...

...is é sin forbairt a dhéanamh ar an "**Weltpolitikfähigkeit**" – an acmhainneacht ról a imirt mar Aontas i múnlú imeachtaí domhanda.

...**tagann sí as ceannasacht náisiúnta na mBallstát**

...tá sí bunaithe ar an tuairim gur trína gceannasacht a chomhroinnt a **neartaítear na náisiúnstáit**

...cuidíonn sí linn **obair i gcomhar le chéile** chun na fadhbanna atá i gcoiteann againn a réiteach

...cuidíonn sí linn go léir chun **gur fearr** is féidir linn na saoránaigh **a chosaint** agus **a chumhachtú**

...ní ceart dúinn am ar bith scor de pháirt ghníomhach a ghlacadh sa saol ar mhaithe leis an gceannasacht Eorpach ach, de mhalairt air sin, is **spreagadh dúinn atá inti tuilleadh freagrachta a ghlacadh chugainn féin – ní trí chúl a thabhairt leis an gcuid eile den domhan** a bheidh rath ar mhór-roinn na hEorpa ach trí nasc a dhéanamh leis



*'TAgus sinn ag obair i gcomhar le chéile, mar Aontas, is féidir linn Eoraip cheannasach dhiongbháilte a chothú. '*

Jean-Claude Juncker, an tAitheasc ar Staid an Aontais, 12 Meán Fómhair 2018